# Ioncam Scoile Faighte Roimh Ré

(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Féadfaidh scoileanna a bheith ag fáil ioncaim a fhaightear roimh an gcéad bhliain acadúil eile. Samplaí d'ioncam den sórt sin is ea árachas daltaí, ioncam ó thaisceadáin, táillí riaracháin na scoile, srl. Ba chóir ioncam den sórt sin agus aon chaiteachas gaolmhar a chur siar go dtí an chéad bhliain acadúil eile agus a iontráil mar ioncam agus mar chaiteachas sa bhliain lena mbaineann sé.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Mar shampla, faigheann scoil ioncam d'árachas na ndaltaí i mí Lúnasa na bliana acadúla reatha, ioncam a bhaineann leis an gcéad bhliain acadúil eile. Chomh maith leis sin, íocann an scoil árachas na ndaltaí leis an gcuideachta árachais i mí Lúnasa. Ós rud é go mbaineann an t-ioncam agus an costas sin leis an gcéad bhliain acadúil eile, ba chóir iad a chur siar. Is gá an t-airgead a fuarthas roimh ré a aithint mar ioncam scoile a fuarthas roimh ré agus na costais a tabhaíodh roimh thús na scoilbhliana nua a aithint mar réamhíocaíochtaí.

**Bliain 1: Ioncam a fuarthas roimh ré a bhaineann leis an gcéad bhliain acadúil eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Ioncam a fuarthas le haghaidh Árachas Daltaí | DR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 2105 | Ioncam Scoile Faighte Roimh Ré<br>Dliteanas Reatha |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Árachas Daltaí a Íoc leis an gCuideachta Árachais | DR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

**Bliain 2: An Chéad Scoilbhliain Eile**

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Iris chun ioncam sa bhliain lena mbaineann sé a léiriú | DR | 2105 | Ioncam Scoile Faighte Roimh Ré<br>Dliteanas Reatha |
| | CR | 3535 | Ioncam Árachais Daltaí<br>Ioncam |

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Iris chun ioncam sa bhliain lena mbaineann sé a léiriú | DR | 4916 | Costas Árachais Daltaí<br>Costas |
| | CR | 1720 | Réamhíocaíochtaí<br>Sócmhainn Reatha |